

AN FIADH ÓIR

41

Duine uasal bocht a bhí ann nach raibh beag ná mór aige, ach é chó bocht le fear a bheadh ag cruinniú déirce. Sgríobh sé ar a hata dá mbeadh a dhóthain airgid aige go ndéanfadh sé rud ar bith faoi'n domhan. Bhí sé lá ag siubhal sa trsáid. Tháinig fear suas leis a bhuail bosóg ar a ghualainn.

"Céard é sin sgríobhtha ar do hata?", adeir sé .

"Céard tá a'm air?".

"Breathnuigh air" adeir seisean", "agus beidh fhios sin a'd."

Bhain sé an hata dá chloigeann agus bhreathnuigh sé air.

"Á well", adeir sé "dá mbeadh fhios a'm cén bhlaigéard a rinne é sin ní bheadh sé buidheach as ucht gur fíor é .

"Go deimhin, ní fíor é", adeir an fear a bhí ag cainnt leis.

42

"Go deimhin is fíor", adeir sé sin.

"Tiubhraidh mise an oiread airgid dhuit anois", adeir an fear leis "agus a fhéadfadh tú a chaitheamh, ar chuile bhealach a bféadfaidh tú a chaitheamh go ceann bliana, má dhéanann tú an obair a thiubhras mise dhuit, nó an ceann a bhaint dhíot i gceann na bliana".

Thug sé bille dó, ar bancannaí an domhain, chuile bhanc faoi'n domhan, gach a n-iarrfadh sé d'airgead a thabhairt dó, ach go mbeadh an cloigeann cailte aige i gceann bliana, mura mbeadh an obair déanta aige a bhí an fear le tabhairt dó.

Bhí inghean ag an bfhear a thug an t-airgead dó, agus ó bhí sí bliain d'aois níor leig sé d'aon duine blas a thabhairt dhi ach é féin, le n-ithe agus le n-ól.

43

Dubhairt sé leis an bfhear ar thug sé an t-airgead dó, mara mbeadh sí sin le haghaidh páiste i gceann bliana, go gcaillfeadh sé an ceann.

Ní raibh sé seo ag spáráil an airgid ach dá sgapadh ar chuile caoi ar fhéad sé é. Nuair a bhí sgathaimh den bhliain caithte aige chuaidh sé isteach go dtí céardaidhe an óir. D'fiafruigh sé de cheardaidhe an óir céard a bhainfeadh sé dhe ar fiadh óir a dhéanamh a d'fhílfeadh sé féin istigh ina bholg agus comhartha agus insí a chur air, nach mbeadh aon fhear n-innsint thar a chéile. Dubhairt ceardaidhe an óir nach raibh a fhios aige céard a bhainfeadh sé dhe as a ucht, "agus céard d'fhéadfas tú iarraidh," adeir sé, "ach meadchan an fhiadh óir a thabhairt dhuit agus do pháidhe as ucht a dhéanta."

44

“Creidim gur fíor dhuit”, adeir sé “nach furasta a dhul tairis”. Rinne sé an fiadh óir agus bhí a áit istigh ina bholg (i mbolg an fhiadh).

Cuir ar bharra anois é agus tiomáin leat é agus dá bhfáightheá na mílte punt air le cois a luaich, ná díol go deo é go dtéighidh tú go dtí na leithidí seo de theach.”

Chuaidh sé sin isteach, i mbolg an fhiadh óir, agus chuir an ceardaidhe óir i mbarra é. Chroch sé leis dá dhíol ar fud an bhaile mhóir é.

Bhí an lady óg a raibh an cloigeann le caille aige, bhí a cloigeann amach tríd an bhfuinneog. Chonnaic sí chuile sa tsráid. Ceardaidhe an óir agus an fiadh istigh i nbarra aige.

45

D’fuagair sí go híseal is go hárd ar a h-athair a dhul amach agus an fiadh óir a cheannacht. Chuir sí an oiread sin spóirt ann.

Chuaidh a hathair amach arís. Cheannuigh sí an fiadh óir, pé bí rud a bhaineadh dhe. D’iompuir sé fhéin agus ceardaidhe an óir eatorab é gur leagadar sa seomra, a raibh sí ann é. Nuair a tháinig an oidhche agus chuaidh chaon duine chun suimnis, dá raibh sa teach, agus nár airigh sí tada ag corruighe d’osgail sé an comhla a bhí ar bholg an fhiadh agus bhreathnuigh sé amach. Chonnaic sé na soluis uilig as. Chuaidh sé féin amach as bolg an fhiadh. Chuaidh sé go dtí an leabaidh a raibh an bhean óg ina codladh innte. Leag sé láimh uirthé agus chuir sí sgréach aiste.

46

Bhí a hathair abhus sa seomra, ar an bpointe aice. D’fhiafruigh sé céard a bhí uirthé. Dubhairt sí gur rud eicint a leag a láimh uirthé.

“Ní fheicim-sa tada ann”, adeir an t-athair. Chuaidh sé chun codalta aríst é fhéin. Nuair a fuair an fear an bhean chun suimnis arís tháinig sé féin amach as bolg an fhiadh agus leag sé láimh arís uirthé. Chuir sí sgréach eile aiste. Tháinig a hathair arís agus d’fuarfuigh sé céard a bhí uirthé. Dubhairt sí gur rud eicint eile a leag a láimh uirthí. Pé bí tóruidheacht a thug a h-athair ar an seomra, an chéad uair, rinne sé faoi dhó níos fearr an darna h-uair é. Nuair a fuair an fear i mbolg an fhiadh an áit chun suaimnis aríst tháinig sé amach aríst agus leag sé láimh uirthé.

47

Chuir sí sgréach eile aiste. Tháinig a hathair agus cuthach feirge air faoi é fhéin a choinnéail corruighthe. D’fhiafruigh sé céard a bhí uirthé, go raibh sí ag sgréachgháil mar sin.

“Tá rud eicint a leagan a láimhe orm”, adeir sí. “Níl”, adeir a h-athair “ach feictear dhuit é. Má thugann tú mise as mo leaba aríst anocht”, adeir sé “sin é fad do shaoghail”.

Nuair a fuair seisean a hathair imthighthe arís, agus an áit suaimnighthe, tháinig sé féin amach as bolg an fhiadh. Leag sé láimh arís uirthé. Chriothnuigh sí, níor labhair sí.

“Togha duine uasail mise”, adeir sé “agus ná labhair”.

Leig sí faoin bpluid in éinfeacht léithe é. Ní raibh lá ar bith feasta nach raibh a thrí oiread le n-ithe ag teastáil uaithe, is a bhíodh na laetheannta roimhe sin.

48

Nuair a bhí fhios aice go raibh sí le haghaidh na cloinne sin, ní raibh fhios aice cén chaoi a mbeadh sé aice i ngan fhios.

“Caith anuas an fiadh”, adeir an fear a bhí istigh, “agus bain adharc dhe, nuair a ghabhas mise isteach ina bholg”.

“Fuagair go híseal is go h-árd go bhfuil do fhiadh millte, is go gcaithfear adharc a chur air”.

Chaith sí anuas an fiadh agus bhain sí dhe an adharc. D’fhuagair sí go híseal is go hárd go raibh an adharc bainnte dhi, agus go gcaithfidhe a dheasú arís. Tháinig a hathair aníos agus fear eile i néinfeacht leis agus d’iompruigheadar síos an fiadh gur fhágadar istigh ag ceardaidhe an óir é.

49

Nuair fuair ceardaidhe an óir amuich iad san, d’fhosgail sé comhla an fhiadh gur leig sé eisean amach as a bholg. Bhearr seisean agus glan sé é fhéin cho maith agus d’fhéad sé é. Ghléas sé suas é féin agus thosuigh sé ag siubhal abhaile an bóthar aríst. Ní raibh an bhliain a bhfad ó bheith istigh, spás na bliana a fuair sé ní raibh sé a bfad ó bheith caithe.

Casadh a hathair ar an mbóthar dhó.

“Is gearr an t-achar uait anois”, adeir athair na mná.

“Tuige go mba gearr an t-achar uaim é”.

“Mas is gcearr go mbeidh do bhliain istigh a’d”.

“Tá cuid de le caitheamh fós, agus tá mo gnoithe fhéin, réidh am-sa”.

50

“Ó go deinmhin níl”, adeir athair na mná óige.

“Tabhair thusa leat-sa, péire de na dochtúirí is airde sa mbaile mór agus mara n-abruighidh said-san go bhfuil, tá mise sásta an ceann a bhaint dhíom ar an bpointe”.

Tháinig an dochtúir. Dubhairt an dochtúir go raibh a chuid oibre déanta aige.

“Cén chaoi a ndearna tú é”, adeir a h-athair.

“Dá mbeadh rath ar bith orm, ní raibh leisgéal ar bith a’m gan é a dhéanamh agus tusa, dhom iomchar suas idir do dhá láimh, gur fhága tú thuas sa seomra i néinfeacht léithe mé, agus dhom iomchur anuas ar ais arís gur fhágh tú ar an mbaile mór mé”.

“Ní peacadh ar bith”, adeir an t-athair, “airgead fhéin a thabhairt dhuit”.

Fuair sé an oiread, nach raibh caithte aige go deire a shaoghail agus phós sé an bhean.

10/10/1931.

"Go dtuga Dia fosgadh na bhfaithas ar ball dhuit. Agus tá mé a ceapadh nach mbeidh sé sin amú ort", adeir Seán Ó Briain liom indiú.